Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7515/26**

**RECH 133**
**DRS 11**
**COMPET 351**
**IND 196**
**MI 269**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 1800 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOIMISIÚN<br>an 18.3.2026<br>maidir leis an sainmhíniú ar fhiontair nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 1800 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 1800 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.3.2026
C(2026) 1800 final

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an 18.3.2026**

**maidir leis an sainmhíniú ar fhiontair nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú**

GA GA

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an 18.3.2026**

**maidir leis an sainmhíniú ar fhiontair nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le ‘Compás Iomaíochais don Aontas’[1] meabhraítear go bhfuil an nuálaíocht ina príomhspreagadh don iomaíochas agus don fhás san Aontas.

(2) Tá gá le samhail nua iomaíochais atá bunaithe ar tháirgiúlacht atá faoi stiúir na nuálaíochta chun borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch a bheidh ann amach anseo. Fiontair nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú, go háirithe i réimse na teicneolaíochta doimhne, tá ról lárnach acu i bhforbairt agus i dtráchtálú teicneolaíochtaí nuálacha, rud a chuireann iad i gcroílár samhlacha eacnamaíocha atá bunaithe ar an nuálaíocht.

(3) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún ‘Straitéis an Aontais Eorpaigh um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú’[2], d’fhógair sé go molfadh sé sainmhíniú ar fhiontair nuálacha, ar ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus ar ghnólachtaí nuálacha atá ag méadú.

(4) Tá tábhacht ar leith don nuálaíocht ag baint le fiontair dhomhainteicneolaíochta, lena n-áirítear iad siúd i dteicneolaíochtaí straitéiseacha amhail an teicneolaíocht dhigiteach, an bhith-theicneolaíocht agus an teicneolaíocht ghlan, ach gan a bheith teoranta dóibh, toisc go n-aistríonn siad dul chun cinn ceannródaíoch eolaíoch agus teicneolaíoch ina dtáirgí agus ina dtionscail inscálaithe, agus is minic a ghineann siad réitigh chlaochlaitheacha a bhfuil tionchar suntasach fadtéarmach eacnamaíoch agus sochaíoch acu. Dá bhrí sin, ba cheart a chur san áireamh sna sainmhínithe na gnéithe ar leith a bhaineann le fiontair dhomhainteicneolaíochta toisc go mbíonn a dtimthriallta forbartha níos faide agus níos déine ar chaipiteal de ghnáth mar gheall ar ghníomhaíochtaí casta taighde agus forbartha (T&F), bailíochtú rialála agus aibiú teicneolaíochta.

(5) Ghlac roinnt Ballstát sainmhínithe dlíthiúla éagsúla ar fhiontair nuálacha, ar ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus ar ghnólachtaí nuálacha atá ag méadú, agus

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach, COM(2025) 30 final, 29 Eanáir 2025.

[2] Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Straitéis an Aontais Eorpaigh um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, COM(2025) 270 final, an 28 Bealtaine 2025.

le Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún[3] agus Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] leagtar amach sainmhínithe ar leibhéal an Aontais freisin chun a gcríoch faoi seach.

(6) Déantar bearta beartais nuálaíochta a cheapadh ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais chun tacú le fiontair nuálacha, le gnólachtaí nuathionscanta nuálacha nó le gnólachtaí nuálacha atá ag méadú. In éagmais sainmhínithe coiteanna, d’fhéadfadh sé go gcuirfí na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach neamhréireach idir na Ballstáit agus idir an tAontas agus na Ballstáit. D’fhéadfadh sé gurb é an toradh a bheadh air sin nach gcáileodh gnóthais a aicmítear mar fhiontair nuálacha, mar ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha nó mar ghnólachtaí nuálacha atá ag méadú i mBallstát amháin do scéimeanna tacaíochta inchomparáide i mBallstát eile, rud a chuirfeadh srian ar ghníomhaíochtaí trasteorann agus ar leathnú laistigh den mhargadh aonair. D’fhéadfadh an éiginnteacht dhlíthiúil sin a bheith ar cheann de na cúiseanna iomadúla lena ndíspreagtar na fiontair lena mbaineann oibriú nó athlonnú ar fud na mBallstát. De réir loighic mhargadh aonair de chuid an Aontais gan teorainneacha inmheánacha, agus lena n-áiritheofaí gur féidir le hinstitiúidí an Aontais agus na Ballstáit iad féin a bhunú ar thagairt chomhsheasmhach, chuideofaí le cothrom iomaíochta a áirithiú maidir leis an gcaoi a gcaitear le fiontair ar fud an Aontais ach sainmhínithe coiteanna a úsáid ar fhiontair nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú.

(7) Tá gá le sainmhínithe coiteanna freisin i bhfianaise na hidirghníomhaíochta fairsinge idir bearta náisiúnta agus bearta an Aontais lena dtugtar cúnamh d’fhiontair nuálacha, do ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus do ghnólachtaí nuálacha atá ag méadú. Ina theannta sin, dá gcuirfeadh an Coimisiún, na Ballstáit, an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI) an sainmhíniú céanna i bhfeidhm, chuirfí feabhas ar ailíniú, comhsheasmhacht agus éifeachtacht na mbeartas lena ndírítear ar fhiontair nuálacha, ar ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus ar ghnólachtaí nuálacha atá ag méadú agus, dá bhrí sin, chuirfí teorainn leis an riosca go ndéanfaí saobhadh iomaíochta a bhaineann le rochtain neamhchothrom ar thacaíocht phoiblí[5].

(8) Tá sainmhínithe curtha ar bun ag an gCoimisiún cheana féin lenar féidir fiontair a aicmiú de réir méide, agus idirdhealú á dhéanamh idir fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), fiontair mheánchaipitlithe bheaga (FMBanna) agus fiontair mhóra. Níor cheart na sainmhínithe ar fhiontair nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú amhras a chaitheamh ar bhealach ar bith ar na haicmithe sin atá bunaithe cheana féin. I gcás inarb ábhartha, leis na sainmhínithe ar fhiontair nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú, ba cheart cur leis na critéir atá bunaithe le haghaidh

[3] Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2014 ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach don mhargadh inmheánach maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/651/oj).

[4] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj).

[5] Tá an méid sin gan dochar do cheanglais bhreise nó éagsúla a d’fhéadfaí a fhorchur chun cuspóirí tionscnamh beartais a bheidh ann amach anseo a chomhlíonadh.

FBManna agus FMBanna, lena n-áirítear tairseacha méide agus saintréithe struchtúracha.

(9) Chun a áirithiú go bhfreastalóidh na sainmhínithe sin ar na cuspóirí atá beartaithe dóibh, ba cheart iad a bheith ina léiriú ar na sainghnéithe a bhaineann le braisle fiontar an-sonrach, mar atá, fiontair nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú agus ba cheart dóibh tógáil ar chritéir oibiachtúla agus ar thairseacha oibiachtúla. Is gá, dá bhrí sin, na sainmhínithe sin a bhunú ar chritéir is infheidhme go héasca, amhail infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí nuálaíochta, aois, méid nó fás.

(10) I gcomhréir le haicmithe idirnáisiúnta a úsáidtear go forleathan, ba cheart 'nuálaíocht' a shainmhíniú mar tháirge, seirbhís nó próiseas nua nó feabhsaithe atá an-éagsúil le leaganacha roimhe seo agus a chuirtear ar fáil d'úsáideoirí ionchasacha.

(11) Is féidir gníomhaíochtaí nuálaíochta a léiriú le hiarrachtaí T&F, rud a chomhfhreagraíonn do ghníomhaíochtaí eagraithe agus d'aon ghnó atá dírithe ar eolas nua a ghiniúint, agus ar tháirgí, seirbhísí agus próisis nua nó fheabhsaithe a fhorbairt. Ba cheart gníomhaíochtaí T&F a shainmhíniú i gcomhréir le haicmithe idirnáisiúnta a úsáidtear go forleathan[6] agus le rialacha an Aontais. Is féidir tiomantas straitéiseach fiontair do ghníomhaíochtaí T&F a léiriú leis na hacmhainní a infheistítear sna gníomhaíochtaí sin mar chion de na costais oibriúcháin nó mar chion den ioncam, dá ngairtear déine T&F de ghnáth.

(12) D'fhéadfadh fiontar a bheith nuálach fiú mura n-infheistíonn sé i ngníomhaíochtaí T&F. Dá bhrí sin, ba cheart fiontar a mheas mar fhiontar nuálach freisin más féidir leis a léiriú, le 3 bliana anuas, go bhfuil táirgí, seirbhísí nó próisis ghnó forbartha aige, go bhfuil siad á bhforbairt aige nó go bhforbróidh sé iad sna blianta beaga atá amach romhainn, d'fhonn iad a thráchtálú, ar táirgí, seirbhísí nó próisis iad atá nua nó a bhfuil feabhas nach beag curtha orthu i gcomparáid leis an úrscothacht ina thionscal, agus a bhfuil riosca teipthe teicneolaíochta nó tionsclaíochta ag baint leo.

(13) Ba cheart gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú a shainmhíniú mar fhothacar den fhiontar nuálach, toisc gurb í an nuálaíocht an phríomhghné idirdhealaitheach a d'fhéadfadh údar a thabhairt le cóir bheartais dhifreáilte, tacaíocht phoiblí spriocdhírithe, agus éascú rialála, rud a dhéanann iad a dheighilt ó ghnáthghnólachtaí nua nó ó ghnáthghnólachtaí atá ag fás go tapa agus a leathnaíonn gan táirgí, seirbhísí, teicneolaíochtaí nó samhlacha gnó nuálacha a ghiniúint.

(14) Ba cheart gnólachtaí nuathionscanta nuálacha a shainmhíniú trí úsáid a bhaint as critéir lena léirítear a gcineál nuálach, mar aon le teorainneacha méide agus aoise. Chun a oiread comhsheasmhachta agus is féidir le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[7] a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag na critéir maidir le hiomlán an chláir chomhardaithe agus láimhdeachas d'fhiontar beag a leagtar síos i Moladh 2003/361/CE maidir leis an sainmhíniú ar ghnólacht nuathionscanta nuálach. Mar sin féin, i dtéarmaí líon na ndaoine atá fostaithe, tá sé níos iomchuí an líon uasta daoine atá fostaithe a shocrú ag 99, ós rud é go bhféadfadh sé sin é a chur ar a gcumas do go leor gnólachtaí nuathionscanta nuálacha, go háirithe in earnálacha

---

[6] Mar shampla, ECFE, Lámhleabhar Frascati 2015, Treoirlínte maidir le Sonraí faoi Thaighde agus Forbairt Thurgnamhach a Bhailiú agus a Thuairisciú.

[7] Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir leis an sainmhíniú ar mhicrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2003/361/oj).

domhainteicneolaíochta agus dianscála, foirne ildisciplíneacha níos mó a thógáil le linn a gcéime luath fáis. Is iomchuí teorainn aoise 10 mbliana le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta nuálacha chun gnólachtaí nuathionscanta, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta domhainteicneolaíochta, a chumhdach freisin a bhféadfadh timthriallta T&F níos faide, céimeanna forbartha atá dian ar chaipiteal, próisis bhailíochtaithe rialála, agus giniúint ioncaim mhoillithe a bheith ag teastáil ina leith.

(15) Ba cheart gnólachtaí nuálacha atá ag méadú a shainmhíniú trí úsáid a bhaint as critéir lena léirítear a gcineál nuálach, mar aon le dinimic méide agus fáis, bunaithe ar an réasúnaíocht is bun le sainmhíniú cainníochtúil ECFE ar ghnólachtaí atá ag méadú a leagtar amach in aicmithe a úsáidtear go forleathan. Chun idirdhealú a dhéanamh idir gnólachtaí nuálacha atá ag méadú agus fiontair níos seanbhunaithe, is iomchuí uasmhéid a shonrú le haghaidh cuideachtaí atá liostaithe go poiblí, bunaithe ar an tairseach a bunaíodh le haghaidh cuideachtaí meánchaipitlithe beaga i Moladh (AE) 2025/1099[8]. Ina theannta sin, chun a áirithiú go ngabhfar leis an sainmhíniú ar ghnólachtaí nuálacha atá ag méadú fiontair a bhfuil aibíocht leordhóthanach acu agus nach mbeidh forluí ann leis an sainmhíniú ar ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha, is gá láimhdeachas íosta nó iomlán an chláir chomhardaithe a chur i bhfeidhm bunaithe ar thairseacha ábhartha arna mbunú d'fhiontair mheánmhéide i Moladh 2003/361/CE[9].

AG MOLADH AN MHÉID SEO A LEANAS:

1. Baineann an Moladh seo leis an sainmhíniú ar fhiontair nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú, ar sainmhínithe iad a úsáidtear i mbeartais an Aontais a chuirtear i bhfeidhm laistigh den Aontas agus den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

2. Iarrtar ar na Ballstáit, ar an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus ar an gCiste Eorpach Infheistíochta (CEI) na nithe seo a leanas a dhéanamh:

   (a) na sainmhínithe a leagtar amach san Iarscríbhinn a úsáid agus bearta tacaíochta reachtacha, beartais nó airgeadais á nglacadh nó cláir á gcur chun feidhme atá dírithe ar fhiontair nuálacha, ar ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus ar ghnólachtaí nuálacha atá ag méadú;

   (b) na sainmhínithe a leagtar amach san Iarscríbhinn a úsáid chun sonraí a bhailiú maidir le fiontair nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú.

3. Is chuig na Ballstáit, BEI agus CEI a dhírítear an Moladh seo.

---

8 Moladh (AE) 2025/1099 ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2025 maidir leis an sainmhíniú ar fhiontair mheánchaipitlithe (mid-cap) bheaga. IO L, 2025/1099, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2025/1099/oj

9 Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir leis an sainmhíniú ar mhicrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (ar tugadh fógra ina leith faoi dhoiciméad uimhir C(2003) 1422). IO L 124, 20.5.2003, lgh. 36–41 ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2003/361/oj

4. Iarrtar ar na Ballstáit, ar BEI agus ar CEI an Coimisiún a chur ar an eolas maidir le haon bheart atá déanta acu chun éifeacht a thabhairt don Mholadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18.3.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Ekaterina ZAHARIEVA*
*Comhalta den Choimisiún*

CÓIP DHEIMHNITHE
Thar ceann an Ard-Rúnaí

Martine DEPREZ
Stiúrthóir
Cinnteoireacht agus Coláisteacht
An Coimisiún Eorpach